



**QUEEN'S
UNIVERSITY
BELFAST**

In Aghaidh na Díchuimhne: Dúshlán Mháiréad Ní Ghráda do mhórscéal fearúil réabhlóid na hÉireann

Aiken, S. (2021). In Aghaidh na Díchuimhne: Dúshlán Mháiréad Ní Ghráda do mhórscéal fearúil réabhlóid na hÉireann. *Léann. Iris Chumann Léann na Litríochta, 2021.*

Published in:

Léann. Iris Chumann Léann na Litríochta

Document Version:

Peer reviewed version

Queen's University Belfast - Research Portal:

[Link to publication record in Queen's University Belfast Research Portal](#)

General rights

Copyright for the publications made accessible via the Queen's University Belfast Research Portal is retained by the author(s) and / or other copyright owners and it is a condition of accessing these publications that users recognise and abide by the legal requirements associated with these rights.

Take down policy

The Research Portal is Queen's institutional repository that provides access to Queen's research output. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact openaccess@qub.ac.uk.

IN AGHAIDH NA DÍCHUIMHNE: DÚSHLÁN MHÁIRÉAD NÍ GHRÁDA DO MHÓRSCÉAL FEARÚIL RÉABHLÓID NA hÉIREANN

Síobhra Aiken

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

1. Réamhrá; 2. Léann na Cuimhne agus Cúrsaí Teanga; 3. *An Díchuimhne Inscneach*; 4. *An Díchuimhne agus Cogadh na gCarad*; 5. *Ról Ní Ghráda le linn na Réabhlóide*; 6. *Ficsean nó Fianaise?* 7. *An Casadh Baineann: Stailc Ocráis*; 8. *An Casadh Baineann: An Bheirt Dearbhráthar*; 9. *Dúshlán na Fearúlachta agus na Scéalaíochta*; 10. *Conclúid*

1. RÉAMHRÁ

Bhí Myles na gCopaleen ina léirmheastóir leis an *Irish Times* nuair a bhain cnuasach gearrscéalta stangadh as: ‘a reviewer weary of wading through much inferior stuff has found this collection decidedly interesting’ (Ó Nualláin 1940: 5).¹ Ba é an cnuasach a bhí i gceist ná *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* (1939) le Máiréad Ní Ghráda, cnuasach a bhaineann le réabhlóid na hÉireann (1916-23) agus, go speisialta, le Cogadh na gCarad (1922-23). Dar le Myles na gCopaleen go ndearna Ní Ghráda forbairt shofaisticiúil ar na carachtair agus nár ghéill sí an iomarca, mar a rinne scríbhneoirí eile, d’fhíricí loma an chogaidh: ‘In this she is more successful than many who have bigger names among her contemporaries’ (Ó Nualláin 1940: 5). Aithníonn Philip O’Leary luach an tsaothair chomh maith céanna agus áitíonn gurbh í Ní Ghráda ‘the most original Gaelic writer of fiction on the war’ (2010: 326). Dá ainneoin sin, is beag aird chritice a thuill *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile*; is mar dhrámadóir a aithnítear Ní Ghráda den chuid is mó, cé gur chleacht sí an próis agus an fhilíocht chomh maith céanna.

Cén fáth nár cuireadh níos mó suntais i saothar seo Ní Ghráda? Is é sin mórcheist na haiste seo. Le dornán blianta anuas, tá aird ar leith á tarraingt ní hamháin ar chúrsaí cuimhneacháin, ach ar an díchuimhne freisin; is é sin ar na nithe a fhágtar ar lár ón gcuimhneachán oifigiúil. Déanann Guy Beiner mioniniúchadh ar an ‘díchuimhne shóisialta’ in *Forgetful Remembrance: Social Forgetting and Vernacular Historiography of a Rebellion in Ulster*, leabhar a dhíríonn aird ar na cuimhní príobháideacha agus áitiúla a mhaireann i bhfolach faoin gciúnas a chuirtear chun cinn ag leibhéal oifigiúil. Tá a leithéid de rud ann freisin agus an ‘díchuimhne chultúrtha’ nó ‘cultural forgetting’. Mar a mhíníonn Beiner, ‘[i]f social forgetting is marked by reticence in the public sphere, cultural forgetting is to be found in the exclusion from artistic and literary canons’ (Beiner 2021, le teacht). Is sampla ar leith de phróiseas na díchuimhne chultúrtha é an dearmad atá déanta ar ghearrscéalta cogaidh Ní Ghráda, dearmad a ardaíonn ceisteanna faoi na cúinsí a bhaineann leis an díchuimhne, go speisialta ó thaobh cúrsaí teanga agus inscne de, agus ó thaobh na teire a shamhlaítear go minic le Cogadh na gCarad (1922–23).

Féachfar san aiste seo, dá bhrí sin, leis na cúiseanna ar ligeadh cnuasach seo Ní Ghráda i ndíchuimhne a rianú. Samhlaítear mórdhrámaí Ní Ghráda, *An Triail* agus *Breithiúnas*, a léiríodh in 1964 agus in 1968 faoi seach, le ‘s[n]áithe leanúnach liteartha’ de shaothair Ghaeilge ‘a dhíríonn súil chriticiúil ar cheannairí agus ar institiúidí an stáit agus ar mheon agus ar iompar mhuintir na hÉireann’ (Nic Eoin 2018: 5–6). Áiteofar san aiste seo gur cuireadh síolta na súile criticiúla sin ar chóras patrarcach an stáit i luathshaothar seo Ní Ghráda, ach gur

¹ Ní luaitear ainm Myles na gCopaleen leis an léirmheas seo, ach dar le Breandán Ó Conaire (1986: 246) gurbh é a scríobh.

bhain sí leas as straitéisí reacaireachta ar leith chun cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir gnéithe comhghnásacha agus gnéithe níos dána chun an cáineadh a bhí le haithint sna gearrscéalta a mhaolú agus a cheilt. Ní hamháin sin, ach tá tráchttaireacht in *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* ar chruthú mhórsceál cuimhneacháin na réabhlóide agus ar na nithe a fhágtar amach as an mórsceál oifigiúil sin. Cuirfear in iúl freisin go dtugann Ní Ghráda fianaise ina cuid ficsin ar chuid éigin dá taithí féin le linn na réabhlóide, tréimhse a chuaigh ‘i gcion go mór’ uirthi (Ó Ciosáin 2000: 92).

2. LÉANN NA CUIMHNE AGUS CÚRSAÍ TEANGA

In ainneoin go bhfuil borradh mór faoi ghort léann na cuimhne, is ar éigean a thugtar aird sa scoláireacht idirnáisiúnta seo ar an gceangal idir cúrsaí teanga agus cúrsaí díchuimhne. Ina haiste cheannródaíoch ‘Canon and Archive’, déanann Aleida Assmann idirdhealú idir an ‘chuimhne ghníomhach’ (active memory) — canóin a thógtar ar ‘a small number of normative and formative texts, places, persons, artifacts’ a bhíonn ‘sa chúrsaíocht’ — agus an ‘chuimhne éighníomhach’ (passive memory) a stóráiltear ‘sa chartlann’ (Assmann 2008: 100). D’fhéadfaí a rá go dtagann an t-idirdhealú seo go maith le léann na mionteanga agus an Ghaeilge á saothrú faoi scáth mhórchanóin an Bhéarla. Tarraingíonn Fionntán de Brún ar choincheapa Assmann le léiriú, mar sin féin, go bhfuil mianach athnuachana sa ‘chartlann’; d’fhéach scríobhaithe an ochtú céad déag le ‘cuimhne thagrach’ a chruthú a sheasfadh na glúnta a bhí le teacht agus d’éascaigh an chartlann sin athbheochan na teanga ag deireadh an naoú céad déag (de Brún 2019: 68-69). Aithníonn Marcas Mac Coinnigh (2019) an easpa cúraim a dhéantar de chúrsaí teanga sa scoláireacht ar chúrsaí cuimhne freisin; is minic a shamhlaítear an teanga mar a bheadh uirlis ann trína gcuirtear an chuimhne chultúrtha in iúl, ach is annamh a thugtar aghaidh ar an gcuimhne atá greanta i gcórais shéimeolaíoch na teanga féin.

Tá laige, más ea, sa scoláireacht ar an gcuimhneachán i dtaca le cúrsaí teanga. In aiste léi ar litríocht na Gaeilge agus Éirí Amach 1916, luann Máirín Nic Eoin na saothair is tábhachtaí a foilsíodh ar chomóradh 1916 le blianta anuas agus áitíonn go bhfuil ‘neamhaird á déanamh fós ar na foinsí liteartha Gaeilge a bhaineann leis an tréimhse’ (Nic Eoin 2019: 267). Is léir áfach ó thaighde cuimsitheach Nic Eoin (1985; 2019), Philip O’Leary (2004) agus Phádraig Uí Snodaigh (Snoddy 1968) go raibh a gcuid féin le rá ag scríbhneoirí na Gaeilge faoi thréimhse na réabhlóide.

D’fhéadfaí a rá gur fágadh na saothair Ghaeilge amach as canóin litríocht na réabhlóide ón gcéad lá. Nuair a deir Myles na gCopaleen go raibh Ní Ghráda ‘more successful than many who have bigger names among her contemporaries’, is féidir a shamhlú cé na scríbhneoirí a bhí i gceist aige. Má bhí nasc ann idir an fhilíocht agus Éirí Amach 1916, samhlaíodh seánra an ghearrscéil leis an treallchogaíocht ón uair a foilsíodh cnuasach gearrscéalta Dhónaill Uí Chorcóra *The Hounds of Banba* in 1921. Cé gur chaith Frank O’Connor agus Seán Ó Faoláin amhras ar an bpictiúr liriciúil rómánsúil den réabhlóid a bhí chun tosaigh i saothar Uí Chorcóra, tharraing siad beirt ar an seánra céanna chun aghaidh a thabhairt ar an taithí a bhí acu féin ar an gcogaíocht; dar leo gur fheil an gearrscéal go binn don iniúchadh inmheánach a bhain le dímrí an tsaoil in Éirinn na hiar-réabhlóide (O’Faoláin 1935; O’Connor 1957: xiv).

Bhí cnuasaigh O’Connor agus Uí Fhaoláin, *Guests of the Nation* (1931) agus *Midsummer Night Madness and Other Stories* (1932) faoi seach, ag croílár canóin litríochta ar ar tugadh ‘litríocht bhrúidiúil an éadóchais’ (O’Faoláin 1935) agus a raibh tionchar nach beag aici ar chuimhne an phobail i leith na réabhlóide ar feadh na nglúnta. Ba chanóin í, áfach, nach raibh bheith istigh inti ach amháin ag dornán scríbhneoirí agus iar-réabhlóidithe fir, ina measc Seán Ó Faoláin, Frank O’Connor, Liam Ó Flaithearta, Peadar O’Donnell agus Seán O’Casey. Ní hamháin sin ach, cé go raibh baint ag Seán Ó Faoláin agus Frank O’Connor le Conradh na Gaeilge, agus, go deimhin, gur scríobh siad i nGaeilge ag an tús, tháinig siad beirt ar an tuairim gur i mBéarla ab fhearr litríocht na hÉireann a chur chun cinn (maidir leis an bhFaolánach

féach O’Leary 2004: 438-39). Ina theannta sin, nuair a foilsíodh saothar Ní Ghráda in 1939, is beag fóram a bhí ann don phlé ar litríocht na Gaeilge: theip ar *An Claidheamh Soluis* ag tús na dtríochaidí agus níorbh ann fós do *An Glór* (1941), *Comhar* (1942), *Inniu* (1943) ná *Feasta* (1948). Meabhraíonn an easpa seo dúinn go mbraitheann an chuimhne chomhchoiteann ar ‘les cadres sociaux de la mémoire’ (creatlaí sóisialta na cuimhne), faoi mar a chuir an teoiriceoir Maurice Halbwachs in iúl siar sa bhliain 1925 (féach Halbwachs 1992). Is é sin le rá, eascraíonn an chuimhne shóisialta as an gcaidreamh idir téacsanna, léitheoirí agus léirmheastóirí (Beiner 2018: 20).

3. AN DÍCHUIMHNE INSCNEACH

Más amhlaidh go ndearnadh imeallú ar chnuasach Ní Ghráda mar gheall gur i nGaeilge a scríobh sí, ní féidir beag is fiú a dhéanamh den ghaol idir cúrsaí inscne agus an díchuimhne ach an oiread. Cé go raibh áit fheiceálach ag na réabhlóidithe mná le linn réabhlóid na hÉireann, tuigtear go forleathan go ndearnadh imeallú orthu — agus go ndearna siad imeallú orthu féin, go fiú — i mblianta tosaigh an tSaorstáit (féach Frawley 2021). Ba ar ghaiscí na nÓglach a leagadh béim sa chuimhneachán oifigiúil. Mar is léir ó fhoilseacháin ar nós na sraithe *Fighting Story: Told by the Men Who Made It* (1947–48), féachadh le mórscéal cuimhneacháin a chruthú a leagfadh béim ar ghníomhartha gaisce na bhfear, a chothódh athmhuintearas agus a d’fhanfadh glan ar ghnéithe den stair a bhí conspóideach nó deighilteach — Cogadh na gCarad go speisialta. Mar a tharlaíonn go minic i gcomórthaí náisiúnacha, cheil siombailí rómánsúla mar Mháthair Éireann agus Róisín Dubh fíorthaithí agus róil ghníomhacha na mban. Mar a shonraíonn Louise Ryan i gcás ghearrscéalta Frank O’Connor: ‘O’Connor reproduces many of the stock nationalist images of women and home. The older women provide food and shelter, they represent cosy warmth, home comforts, they treat the men like their own sons’ (Ryan 2004: 58).

Cé gur scríobh go leor banréabhlóidithe cuntais le súil is go gcuimhneofaí orthu, ba dheacair orthu go minic foilsitheoirí (nó léitheoirí) a fháil. Is liosta le háireamh na saothair le mná a bhí páirteach sa réabhlóid a fágadh amach as canóin na litríochta náisiúnaíche agus atá as cló fós (ní gá ach cuimhneamh ar úrscéal *Úna Bean Uí Dhiosca Cailín na Gruaige Duinne* (1932), saothar eile a bhfuil nóta dírbheathaisnéiseach ann atá ‘all but forgotten’ (O’Leary 2006: 255)). Is léir imeallú na mban go fiú sna móitífeanna a bhíonn in úsáid go hidirnáisiúnta le cur síos ar chogadh cathartha — ‘brother against brother’; ‘father against son’; ‘guerre fratricide’; ‘Bruderkrieg’; ‘cogadh na mbráthar’. Samhlaítear dlúthnasc idir an chogaíocht agus gníomhartha na bhfear, agus glantar amach lorg na mban.

4. AN DÍCHUIMHNE AGUS COGADH NA gCARAD

Taobh amuigh de chúrsaí teanga agus de chúrsaí inscne, níor luigh *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* leis an mórscéal a bhí á chur chun tosaigh de bhrí gur thug Ní Ghráda aghaidh ar imeachtaí na mblianta 1922-23. Áitítear go forleathan gur ligeadh brat mór dearmaid anuas ar imeachtaí Chogadh na gCarad, go raibh an cogadh sin róphianmhar le labhairt faoi agus gur raidhsiúla go mór na saothair, idir fhicsean agus neamhfhicsean, a stopann ‘ar thairseach choimheascar an chonartha’ (Tittley 1991: 366). Tugann Ní Ghráda dúshlán an tosta sin in *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile*. Cé go mbaineann cuid de na scéalta le heachtraí a tharla le linn Éirí Amach 1916 agus le linn Chogadh na Saoirse, tá cuid eile de na scéalta suite sa tréimhse 1922-23. Go deimhin, is maith mar a thugann móitíf na ndeartháireacha i dteideal an chnuasaigh le fios gur ar Chogadh na gCarad a bhí aird an údair; is siombail iad na deartháireacha i gcoinne a chéile do chogadh cathartha, siombail a théann siar go dtí an scoilt a d’éirigh idir Romulus and Remus in aimsir na Rómhánach (féach Armitage 2017).

Bhí cleachtadh ag lucht na Gaeilge ar a leithéid d’insintí indíreacha. Lonnaigh Piaras Béaslaí an dráma *An Danar*, a léiríodh in Amharclann na Mainistreach in Feabhra 1928, sa

deichiú céad, ach ba léir dá lucht féachana gur ‘cogadh bráthar’ níos comhaimseartha a bhí idir chamáin (O’Leary 2017b). Tharraing Leon Ó Broin an cleas céanna chuige féin sa dráma *An Mhallacht*, a stáitsíodh an bhliain roimhe sin san amharclann chéanna. Tugadh le fios gur bhain scéal na ndeartháireacha le héirí amach in Warsaw in 1925, ach ní dheachaigh an cur i gcéill amú ar na léirmheastóirí (féach *Evening Herald*, 1927). Sa leagan foilsithe den dráma, aistríodh an suíomh go Baile Átha Cliath agus tugadh na hainmneacha Séamus agus Colm ar na carachtair Pól Radziwill agus de Bartec (Ó Broin 1931: 5).

Má bhí drogall ar an mBéaslaíoch agus ar an mBroineach aghaidh a thabhairt go neamhbhalbh ar Chogadh na gCarad sna 1920idí, bhí an cheist chomh conspóideach céanna faoi dheireadh na dtríochaidí. Fógraíodh staid éigeandála i bhfómhar na bliana 1939. Faoi 1942, agus grúpaí ar nós Ailtirí na hAiséirghe ag bailiú nirt, glacadh leis sa Dáil gur cheart cuntais a bhain le tréimhse an chogaidh chathartha, agus a chothódh teannas, b’fhéidir, a chur faoi chois: ‘[T]he animosities and bitterness of the Civil War would be disastrous to public morale and national security’ (Frank Aiken luaite in Ó Drisceoil 1996: 107). Cé nach ndearnadh cinsireacht chórasach riamh ar shaothar a bhain leis an tréimhse sin, is cinnte nár tugadh spreagadh ag leibhéal oifigiúil do scríbhneoirí ná d’iar-réabhlóidithe dul i ngleic le Cogadh na gCarad.

Dá mhéad iarrachta a rinneadh ag leibhéal stáit agus pobail chun cuimhní an chogaidh chathartha a bhrú faoi chois, is amhlaidh fós féin gur chuir go leor glórtha éagsúla i gcoinne an chiúnais sin. Foilsíodh lear mór cuntas faoi Chogadh na gCarad (sna 1920í agus sna 1930í go speisialta) ar a bhfuil neamhaird tugtha ag criticeoirí liteartha agus ag lucht staire mar gheall ar an tost domhain a shamhlaítear leis an gcogadh sin fós (féach Aiken 2022). Más amhlaidh, dá bhrí sin, go ndearnadh imeallú ar shaothar Ní Ghráda mar gheall ar an mbéim a leag sí ar an gcogadh cathartha, ní féidir nár thuig sí an teir a bhí ar an ábhar céanna. Go deimhin, b’ionann aghaidh a thabhairt ar Chogadh na gCarad agus scríobh in aghaidh na díchuimhne agus dúshlán phríomhscéal cuimhneacháin réabhlóid na hÉireann a thabhairt.

5. RÓL NÍ GHRÁDA LE LINN NA RÉABHLÓIDE

Bhí Ó Faoláin (1935) den tuairim gur ghá go mbeadh taithí phearsanta ag scríbhneoir ar thréimhse na réabhlóide le bheith in ann cur le ‘litríocht bhrúidiúil an éadóchais’. Ní raibh an taithí sin gann ar Ní Ghráda. Is in agallamh raidió a rinne sí ar RTÉ le hAedín Ní Chaoimh sa bhliain 1969 atá an cuntas is fearr a bhfuil fáil air, b’fhéidir, ar a taithí sa réabhlóid (féach Ní Bhrádaigh 1996: 17-18). Bhog Ní Ghráda óna ceantar dúchais i gCill Mháille, Co. an Chláir, go Baile Átha Cliath le freastal ar an ollscoil agus míníonn sí san agallamh go raibh an saol ‘ana-chorraitheach’ ag an am (Ní Ghráda 1969). Bhí ‘a lán dos na buachaillí’ sa Choláiste Ollscoile san IRA agus bhíodh siad ag dul amach ‘ag caitheamh, ag scaoileadh leis na Dúchrónaigh agus na Dúchrónaigh ag scaoileadh leo, agus mar is eol duit, do crochadh duine acu, Caoimhín de Barra’. Bhíodh na cailíní, Ní Ghráda san áireamh, ‘ag druileáil agus ag déanamh *first aid kits*’ le Cumann na mBan (Ní Ghráda 1969).

Ba é an bhaint a bhí ag Ní Ghráda le Conradh na Gaeilge a chuir i mbéal an phobail í. Bhí an Conradh ‘coiscthe’ an uair sin, agus gabhadh í agus scata ban Dé Domhnaigh, an 2 Samhain 1919 agus iad ag díol bratacha don Chonradh i lár chathair Bhaile Átha Cliath (Ní Ghráda 1969). Ba é an toradh a bhí ar an scéal gur gearradh téarma príosúnachta ar Ní Ghráda as a bheith ‘obstructing thoroughfares’ (Clár Phríosún Mhuinseo). Is cosúil go mbíodh Ní Ghráda ag déanamh grinn den scéal seo: ‘Thaitin sé liom go seoigh, bhíos óg ag an am agus ba bhreá liom é, an dtuigeann tú, bhuel mar phíosa spóirt a cheapas a bheith sa bpríosún’ (Ní Ghráda 1969).

Bhí cáil ar Ní Ghráda as a ‘disarming modesty’ (Ó Ciosáin 1978: 175) agus tugann na tuairiscí nuachtáin nod dúinn go mb’fhéidir go raibh sí níos teanntasaí ná mar a thug sí le fios san agallamh raidió. Go deimhin, is cosúil gur dhiúltaigh sí a hainm a thabhairt i mBéarla nuair a gabhadh í agus b’in é an fáth gur tógadh isteach go stáisiún Shráid Brunswick í. Scaoileadh

saor an dream a bhí sásta a gcuid sonraí a thabhairt, ach cuireadh Ní Ghráda agus seachtar eile go dtí stáisiún an Bridewell don oíche (Irish Independent 1919: 8). Dhiúltaigh cúigear acu fineáil cúig scilling a íoc agus gearradh ceithre lá i Muinseo orthu.² Ba mhór an scannal é go ndearna triúr de na ‘ladies’ damáiste don stáisiún i Lána na Seansaireachta agus scaipeadh an ráfla gur caitheadh go dona leo (rud a shéan na gardaí) (Freemans Journal 1919: 3). Rinne an triúr seo — nach luaitear a n-ainm — neamhshuim d’imeachtaí na cúirte an chéad lá eile:

When placed outside the door of the reserve room in a yard, they took up two delph mugs and smashed both the windows and the mugs. Five panes of glass valued at 3s. each, and two mugs at 1s. each, were broken. The defendants displayed the utmost indifference to the proceedings, laughing and conversing with each other while the case proceeded. One read a newspaper when her companions were not talking to her. They replied to questions by saying that they did not recognise the Court. [...] As they left the dock they shouted, ‘Up the Republic.’ ‘Up de Valera.’ (Irish Times 1919: 7)

Faoin am seo bhí aird an phobail ar na díoltóirí bratacha; bhíodh na sluaite taobh amuigh den phríosún gach lá le pacáistí a sholáthar dóibh. Ní raibh na mná sásta glacadh le pacáistí a raibh seoladh Béarla orthu, áfach (Freeman’s Journal 1919b: 6). Is cuimhin le Ní Ghráda go raibh grianghrafadóir taobh amuigh den phríosún ag beannú dóibh nuair a ligeadh amach iad, agus tuigeadh di gur cuireadh na pictiúir go Meiriceá (Ní Ghráda 1969). B’ait léi, áfach, gur tugadh ‘banlaochra’ orthu, óir níor shíl Ní Ghráda go raibh ‘laochas’ bainte amach acu — léiriú, b’fhéidir, gur samhlaíodh an laochas le gaiscí na bhfear amháin.

Cé nach luann Ní Ghráda aon imeacht eile san agallamh raidió, is deacair a shamhlú gurbh é sin an t-aon bhlaiseadh a bhí aici ar an ngníomhachas polaitiúil. Bhí sí ina timire ag Earnán de Blaghd a bhí ina aire rialtais sa Chéad Dáil ó 1919 ar aghaidh. Thaobhaigh sí leis an gConradh Angla-Éireannach agus bhí sí ina rúnaí pearsanta ag an mBlaghdach i rith an chogaidh chathartha go dtí gur phós sí Risteard Ó Ciosáin, garda cathartha, ar an 9 Meitheamh 1923. Is cosúil gur thit go leor freagrachtaí uirthi agus í ag obair leis an mBlaghdach. Mar a shonraigh sé ina chuntas do Bhiúro na Staire Míleata:

[She] interviewed any person in town or through the country I could not arrange to meet myself owing to being on the run. She was very good at the job and could be relied on to handle any negotiation very well. (De Blaghd 1954: 117)

Tar éis tamall a chaitheamh ina múinteoir, ceapadh Ní Ghráda ina ‘heagraí ban’ do 2RN (ar tugadh Raidió Éireann air níos deireanaí). Bhí conspóid sa Dáil faoina ceapachán mar gheall gur bean phósta í, ach d’éirigh léi clú a bhaint amach di féin agus í ar an gcéad bhanchraoltóir raidió in Éirinn agus sa Bhreatain (Morgan 2002: 62).

Léiriú cumhachtach ar an imeallú a rinneadh ar na mná sa saol poiblí i luathbhlianta an tSaorstáit is ea é gurbh éigean do Ní Ghráda éirí as a post sa bhliain 1935. Agus Fianna Fáil i gcumhacht, féachadh leis an mbac ar mhná pósta sa státseirbhís a chur i bhfeidhm chun poist a sholáthar do phoblachtánaigh fir; go deimhin, is cosúil gur tugadh post do Risteard Ó Ciosáin (a raibh a dheartháir, Éamonn, ina Theachta Dála le Fianna Fáil) ar an gcoinníoll go n-éireodh a bhean chéile as (Morgan 2002: 75). Bhíodh Ní Ghráda fós ag obair don raidió ar bhonn

² Cé go léiríonn na tuairiscí nuachtáin gur tugadh ochtar ban os comhair na cúirte, cúigear ag an Dublin Police Court, agus triúr eile ag an Southern Police Court (Freeman’s Journal 1919a), níl ach ceathrar liostaithe i gclár príosún Mhuinseo: Margaret O’Grady (cléireach), Johanna O’Loane (mac léinn), Mary O’Brien (cléireach), Mary McCarthy (cúntóir siopa). Dhiúltaigh na príosúnaigh a seoladh baile a thabhairt; luaitear ‘Kildare’ mar sheoladh ag ‘Margaret O’Grady’, drochastriúchán, b’fhéidir, ar ‘Co. an Chláir’ (Clár Phríosún Mhuinseo).

páirtaimseartha ina dhiaidh sin; cá fios céard a shíl sí faoin iachall a cuireadh uirthi céim siar a thógáil. Ba mhór an cáineadh a rinne Elizabeth Brennan, a chaith seal sa phríosún le linn Chogadh na gCarad de bharr phoblachtánachas a muintire, ar chultúr seo an stáisiúin: ‘A great friend of mind, a radio personality, was informed of her dismissal by reading it on a notice board. The awful part is [that] RTÉ got away with it as not enough women got together to make a fuss about it’ (Brennan 1971: 6). Ní hamháin gur baineadh an t-ardán seo de na mná, ach fágadh iad sna fonótaí sna leabhair staire a scríobhadh faoi thréimhse na réabhlóide. Bhain an díchuimhne seo go speisialta leis na mná úd a thacaigh leis an gConradh Angla-Éireannach; tá siad fós ar an imeall sna leabhair staire is deireanaí.

Is é íoróin an scéil é go bhféadfaí a áiteamh go raibh baint ag Ní Ghráda féin le treisiú na staire fearúla seo. Scríobh sí dhá leabhar scoile staire, *A Primary History of Ireland Book 1. From Earliest Times to 1607* (c. 1961) agus *A Primary History of Ireland: Book 2. From 1607 to 1949* (c. 1961). Is léir ón gcur síos a dhéantar ar Chogadh na gCarad sa dara téacsleabhar seo go ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm go mór uirthi: ‘Then came the saddest thing in the history of our country — the disastrous Civil War [...] Men, who for years had fought as comrades, now turned their guns against each other’ (Evening Herald, 1984: 23).³ Is léir freisin, áfach, gur leagan ar leith den stair a bhí á chur chun cinn agus súil ag an bhfoilsitheoir go bhfaigheadh na páistí inspioráid ó ‘*the lives of men* who served high ideals’ (Irish Ecclesiastical Record 1961: 136; liomsa an bhéim). Ní rud neamhghnách ar fad a bhí i gceist leis seo. Go deimhin, ba mhinic a fágadh faoi na mná mórscéal fearúil seo na réabhlóide a bhuanú. Ní gá ach cuimhneach ar mhórleabhar staire Dorothy Macardle *The Irish Republic* (1937) ina dtugtar le fios ‘the history of the Republican army can never be told unless by *men* who fought in it’ (Macardle 1937: 24; liomsa an bhéim).

6. FICSEAN NÓ FIANAISE?

Más amhlaidh go dtagann téacsleabhair scoile Ní Ghráda le leagan oifigiúil na staire, ní féidir a rá gur stair na laochra calma cróga atá ina saothar ficsein. Léiriú atá in *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* ar an gcaoi ar ghlac banréabhlóidithe seánraí liteartha neamhchoitianta chucu féin chun dúshlán an leagain oifigiúil a thabhairt — leagan a chuir béim ar thaithí na bhfear — nuair ba dheacair a leithéid a dhéanamh in insintí sa chéad phearsa. Ba mhór iad na dúshláin a bhí roimh mhná a bhí páirteach sa réabhlóid agus iad ag iarraidh cuntais phearsanta a chur os comhair an phobail. Áitíonn Margaret O’Callaghan in aiste léi ar dhírbeathaisnéisí na mban polaitiúil san fhichiú haois nárbh fhéidir le formhór na mban scríobh fúthu féin ‘except in the most restricted or disguised of terms’ agus gur gá athmhachnamh a dhéanamh, dá bhrí sin, ar céard is dírbheathaisnéis mná ann: ‘we must widen our definitional and analytical lenses and read anew all that they have written across a diversity of genres’ (O’Callaghan 2018: 135, 148). Is díol suntais na banréabhlóidithe ar fad a chuaigh i dtuilleamaí an fhicsin chun insint na mban ar imeachtaí na linne sin a chur i gcuimhne agus a chaomhnú. Go deimhin, tá eolas chomh mion sin i gcuid de ghearrscéalta Ní Ghráda gur deacair a shamhlú nach bhfuil fianaise iontu ar chuid éigin dá taithí féin. Baineann an scéal ‘Sos Comhraic’ le bean óg as Co. an Chláir atá ina hiníon léinn i mBaile Átha Cliath agus a bhfuil baint aici le Conradh na Gaeilge. D’fhéadfaí sleachta as an ngearrscéal a léamh mar chuimhní cinn:

Tosach bliadhna a 1921 a bhí ann. Bhí iarracht mharbhtach á dhéanamh ag na Sasanaigh ar na hÓglaigh a dhísciú, agus bhí ag méadú ar an léir-scrios agus ar an éirleach i n-aghaidh an lae. Bhí tighthe á ndóghadh agus daoine á gcreachadh; buachaillí óga á lámhachadh agus á gcrochadh. Ní bhíodh le léigheamh ar na

³ Ní raibh mé in ann teacht ar chóip den leabhar seo de bharr shrianta na paindéime. Tá an sliocht seo tógtha ón *Evening Herald*.

páipéirí gach maidin ach tuairiscí ar ghníomhartha déistíneacha, gráineamhla — marbhughadh agus foiréigean agus uathbhás ar scáth dlighe — gur chuir barbaracht na nDubh-Chrónach d’fhiachaibh ar chuid de lucht leanamhna na Sasanach féin iompú ’na gcoinnibh. An taoiseach a bhí ar an arm gallda i nÉirinn, an General Crozier féin, níor fhéad sé é sheasamh níba shia, agus d’éirigh sé as a phost. (Ní Ghráda 1939: 39)

Ba dhána an mhaise é ag bean cnuasach gearrscéalta faoin réabhlóid a scríobh (agus nod ann, b’fhéidir, do thaithí an údair féin), ach ba dhána fós é gur thug Ní Ghráda aghaidh ar aighneas Chogadh na gCarad (1922-23) i roinnt de na gearrscéalta. Is léir freisin nár spéis le Ní Ghráda aithris a dhéanamh ar a comhscríbhneoirí fir. Bhí tuiscint ar leith aici ar fhoirm an ghearrscéil, agus is spéisiúil an ní é gur i ‘ndaonnacht’ Tolstoy a chuir sí suim seachas i ‘gclisteacht’ Frank O’Connor (Ó Ciosáin 1978: 178). Murab ionann agus na gearrscéalaithe réadúla a bhí sa treis (leithéidí O’Connor agus Uí Fhaoláin), chuaigh Ní Ghráda i dtuilleamaí straitéisí reacaireachta siombalacha, gotacha agus íorónta chun iniúchadh a dhéanamh ar iarmhairtí na réabhlóide. Is minic a bhaintear earraíocht go hidirnáisiúnta as móitífeanna ar leith chun cogadh cathartha a chur in iúl agus tá réimse de na móitífeanna sin i gcnuasach Ní Ghráda. Ní hamháin go bhfuil móitíf na ndeartháireacha atá in aghaidh a chéile i dteideal an chnuasaigh, ach baineann sí leas freisin as meafar an triantáin grá, meafar an chatha idir Cáin agus Áibeil, tróp an bháis thionóiscigh, agus scéal an athar a mharaíonn a mhac féin — tróip iad seo ar fad a shamhlaítear le cogadh cathartha.

Faoin am ar foilsíodh *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* (1939), ní foláir nó go raibh tuiscint ag Ní Ghráda ar na laincisí a bhí uirthi mar bhanúdar a bhí ag scríobh faoin réabhlóid. Is cosúil gur dhiúltaigh Amharclann na Mainistreach don dráma *Stailc Ocráis* in 1939 (Ní Bhrádaigh 1996: 50) atá bunaithe ar dhialann phríosúin Frank Gallagher, *Days of Fear* (1928), ina ndéanann sé cur síos ar an stailc ocráis ar thug sé fúithi i Muinseo in 1920. Cé gur mhaigh Tomás Mac Anna gurbh í Ní Ghráda príomhúdar an dráma, is suimiúil an ní é gur luadh Proinsias Ó Gallachóir mar chomhúdar i bhfoinsí éagsúla, leabhar miontuairiscí Amharclann na Mainistreach agus tuairisc de chuid na Comhairle Ealaíon mar shampla (Ní Bhrádaigh 1996: 50-51; An Chomhairle Ealaíon 1960-61). Seans maith gur bhraith Ní Ghráda gur cheart di aitheantas a thabhairt don bhunfhoinse, ach b’fhéidir freisin go raibh súil ag an údar go n-éireodh níos fearr leis an dráma agus aghaidh fidil a comhúdair fir á caitheamh aici. Cé go bhfuil an chosúlacht ann gur scríobhadh an dráma sna 1930í,⁴ níor cuireadh an pobal ar an eolas faoi go dtí gur bronnadh Duais na Comhairle Ealaíon air in 1960. Léiríodh an dráma sa Damer in 1962, d’fhoilsigh Oifig an tSoláthair é in 1966, agus léirigh grúpaí drámaíochta amaitéaracha ar fud na tíre é mar chuid de chomóradh caoga bliain Éirí Amach 1916.⁵ Tá tagairt i leabhair nótaí Amharclann na Mainistreach do dhráma eile dar teideal ‘The Brothers’ le ‘Máiréad Kissane’; seoladh an dráma sin ar ais chuig an údar. Is baolach nach bhfuil an script ar marthain, ach cá bhfios nach bhfuil macalla sa teideal dá cnuasach scéalta. Ba é Oifig an tSoláthair a d’fhoilsigh *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile*; is ábhar íoróine é, b’fhéidir, gur comhlacht foilsitheoireachta stáit a d’fhoilsigh cnuasach a thug faoin ngeis a bhí ar Chogadh na gCarad ag leibhéal oifigiúil agus polaitiúil.⁶ Faoin am seo, bhí clú á thabhu ag Ní

⁴ Shonraigh Pádraig Ó Siadhail go raibh an dráma luaite i leabhar de chuid Amharclann na Mainistreach sa bhliain 1939 (Ní Bhrádaigh 1996: 50); tá na cáipéisí sin i gcartlann Amharclann na Mainistreach in OÉ Gaillimh, ach is baolach go bhfuil siad faoi lánchosc faoi láthair.

⁵ Léirigh grúpaí amaitéaracha éagsúla an dráma in 1966, ina measc an Cumann Gaelach, An Muileann gCearr agus Aisteoirí Cois Móire, Sráid an Mhuilinn, Co. Chorcaí. Idir Márta agus Aibreán 1966 — i dtrátha an ama a raibh baill de Mhisneach ar stailc ocráis — léiríodh an dráma ag Feis Átha Cliath, Féile Drámaíochta Corcaí Thuaidh, Leinster Irish Drama Festival agus ag Féile Drámaíochta na Rinne (Féach freisin O’Leary 2017a: 50).

⁶ Foilsíodh ar a laghad dhá scéal as an gcnuasach, ‘An Díthreabhach’ agus ‘An Cúiteamh’, san iris *Bonaventura* i bhFómhar 1937 agus Earrach 1938 (Ní Bhrádaigh 1996: 98).

Ghráda mar gheall ar a saothar do pháistí (féach Ní Ghráda 1934; 1936; 1937; Ní Bhrádaigh 1996: 85-6). An amhlaidh, dá bhrí sin, gur féachadh ar an gcnuasach mar ábhar léitheoireachta d'fhoghlaimoirí agus nár aithníodh an cáineadh láidir a bhí mar dhlúthchuid de?

Cúis eile, b'fhéidir, nár cuireadh sonrú i seasamh dána Ní Ghráda is ea go bhfuil réimse leathan peirspictíochtaí sna gearrscéalta, agus go deimhin, d'fhéadfaí a rá go mbuanaíonn an cnuasach an leagan oifigiúil de stair na réabhlóide ag an am céanna agus a chuireann sé ina choinne. Aithníonn criticeoirí éagsúla go bhfuil an chothromaíocht chúramach idir an géilleadh agus an neamhghéilleadh ina sainghné de litríocht na mban agus gur sciath chosanta atá sa débhrí chéanna (Gilbert & Gubar 1980: 73; Lanser 1992: 7). Ina theannta sin, is i bhfoirm 'thraidisiúnta' an bhéaloidis a chuirtear cuid mhaith de na scéalta in iúl i ngearrscéalta Ní Ghráda. D'fhéadfadh sé go raibh an bhéim seo ar an mbéaloideas ag teacht le mianta fhoilsitheoirí na Gaeilge; go deimhin, d'fhoilsigh Comhlacht Oideachais na hÉireann an cnuasach do pháistí, *An Giolla Deacair agus Scéalta Eile* (1936), leis an bhfotheideal 'Máiréad Ní Ghráda do scríobh, ar lorg na sean-scéal'. Baineann go leor de na scéalta in *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* le turasóirí cathrach a théann go Co. an Chláir sna 1930í luatha agus a bhailíonn scéalta ó mhuintir na háite faoi na huafáis a tharla le linn na réabhlóide. Tugann na cuairteoirí cuireadh do dhaoine áitiúla fianaise ó bhéal a thabhairt faoin gcogaíocht a fhad is thugann na carachtair eile cluas le héisteacht dóibh.

B'fhéidir gur fheidhmigh blas an bhéaloidis mar chumhdach cosanta éigin, ach is le traidisiún na litríochta Gotáí a bhaineann formhór na scéalta dáiríre. Bhí an-tóir ar an litríocht Ghotach in Éirinn ón ochtú haois déag ar aghaidh agus tá go leor de thréithe na litríochta sin le haithint ar shaothar seo Ní Ghráda. Ní hamháin go mbíonn insintí fráma (nó scéal taobh istigh de scéal) iontu, ach is plota coitianta Gotach é scéal an turasóra cathrach a thugann aghaidh ar an tuath iargúlta fhiánta — áit ina scanraítear an t-anam as (féach 'Cain', 'Airgead i bhFolach', 'Díthreabhach'). Tá an rian a d'fhág an chogaíocht ina diaidh ar fud na mball sa 'dúthaigh lom scéirdheamhail': tá smál fola ar an urlár i dteach tréigthe, tá colm ar éadan pótaire sa bheár áitiúil agus bíonn 'taibhsí' ón réabhlóid ar a gcomhairle féin sna cnoic (Ní Ghráda 1939: 11, 13, 111, 76). Is seánra é an Gotachas a dhéanann iniúchadh ar mhothúcháin nó cuimhní atá brúite faoi chois; ní de thaisme mar sin go ndeachaigh banscríbhneoirí — amhail Dorothy Macardle, Rosamond Jacob, Norah Hoult agus Elizabeth Connor — i muinín an tseánra chéanna i mblianta tosaigh an tSaorstáit (Meaney 2018). Mar a léiríonn Caoilfhionn Ní Bheacháin, ba nós le réabhlóidithe ban móitífeanna gotacha a tharraingt chucu féin sa tréimhse iar-réabhlóide le béim a leagan ar a stádas imeallach féin. Thug baille de Chumann na mBan 'The Ghosts' orthu féin, agus iad mar a bheadh 'ghostly revenants in the public life of the new Free State' (Ní Bheacháin 2012: 38).

7. AN CASADH BAINEANN: *STAILC OCRAIS*

Cé gur thug Ní Ghráda le fios in agallamh nach raibh 'laochas' ag baint gníomhaíochtaí na mban a bhí ag díol na mbratacha, gné ar leith de shaothar cogaidh Ní Ghráda is ea an casadh baineann a chuireann sí ar stair na réabhlóide. Tá an 'baineannú' seo soiléir in *Stailc Ocráis* (féach Ní Bhrádaigh 1996: 54; O'Leary 2017a: 50). Tugann bundialann Frank Gallagher, *Days of Fear*, léargas neamhghnách, más stílithe agus bolscaireacht féin é, ar an gcrá croí a d'fhulaing ceannfort a bhí freagrach as a chuid fear a chur ar stailc. Is deacair a shamhlú nárbh í taithí Ní Ghráda féin i Muinseo a spreag a suim i ndialann Gallagher. Go deimhin, bhí stailc ocráis ar siúl i Muinseo le linn do Ní Ghráda a bheith ann — bhí Earnán de Blaghd, a bhí dearg i gcoinne na stailceoirí ocráis ar ball, i measc na stailceoirí céanna.⁷

⁷ Bogadh Earnán de Blythe, a bhí ar stailc ocráis, ó Mhuinseo go dtí Ospidéal an Mater ar an 4 Samhain 1919. Is cosúil go raibh 'díoltóirí na mbratacha' i Muinseo ón 3 go dtí an 6 lá Samhain. Scaoileadh saor iad thart ar an am céanna leis an Óglach, John Tevlin, as Carn na Ros, Co. na Mí, a bhí ar stailc ocráis freisin. Féach *Freemans Journal*, 5 Samhain 1919: 3.

Os a choinne sin, tugann scéalta faoi stailceanna ocrais dúshlán éigin don mhórscéal gaisciúil. Mar a áitíonn Edwin Coomasaru (2016) i gcomhthéacs na dTrioblóidí, '[t]he emaciated, gaunt, sometimes twisted bodies of the hunger strikers challenged the fantasy of the macho warrior by depicting the consequences of war on the male body'. Go deimhin, samhlaíodh an stailc ocrais leis na sufraigéidí ag tús an fichiú haois agus bhí faitíos ar Shinn Féin gur 'womanish thing' a bhí i gceist léi (Sheehy Skeffington 2002: 97). Chomh maith leis sin, leagann Ní Ghráda béim ar leith ar thaithí na mban ina leagan drámatúil de dhialann Gallagher: bíonn mná le cloisteáil 'ag canadh lasmuigh den gheata' agus 'dán diaga á chanadh acu' (Ní Ghráda 1966: 17; 19). Ní foláir nó gur tagairt é seo do na bigilí a bhíodh ar siúl ag Cumann na mBan taobh amuigh de gheataí Mhuinseo (agus go deimhin, déantar cur síos ar bhigil den chineál céanna sa scéal 'Sos Comhraic'). Bíonn an ceannfort den tuairim gur ar na mná 'is déine a luíonn an obair seo' agus bíonn sé ciaptha ag na mná a bhfuil fir mhuinteartha leo i mbaol báis de bharr na stailce: 'Mná ag guí, Mná ag caoineadh, Mná gan céile, Mná gan caomhnadh' (Ní Ghráda 1966: 14). Lena chois sin, tagann athair an stailceora ar cuairt in *Days of Fear*, ach is í an mháthair a chuirtear i láthair i leagan stáitse Ní Ghráda agus gan de neart fisiciúil ag an athair teacht chomh fada leis an bpríosún (Ní Ghráda 1966: 14). Is léir, dá bhrí sin, gur fhéach Ní Ghráda leis an imeallú a bhí á dhéanamh ar thaithí na mban i bpríomhdhioscúrsa an chuimhneacháin a leigheas. Má bhí na mná á bhfágáil ar lár ó chuntas na bhfear, is amhlaidh go raibh athleagan den stair sin á chur ar fáil ag Ní Ghráda.

8. AN CASADH BAINEANN: AN BHEIRT DEARBHRÁTHAR

Tá an bhéim seo ar an taithí bhaineann go mór i gceist in *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile*. Déantar cur síos ar ghníomhachas na mban atá sásta iad féin a chur sa bhearna baoil leis na hÓglaigh a shábháil agus a bheathú (Ní Ghráda 1939: 35-7). Tugtar aghaidh freisin ar an bhfulaingt a bhaineann le himeachtaí na cogaióchta; tá leid bheag ann, b'fhéidir, don bhagairt gnéis fiú: déantar tagairt do bhean óg a bhfuil 'dath an bháis' uirthi agus í ar a teitheadh ó 'shaighdiúirí meisceamhla i nImpireacht na Breataine'. Tuigtear a shoghonta is atá an bhean óg agus a 'seál [...] ag luascadh le gaoith' (Ní Ghráda 1939: 219-20). Tagann cuid den léiriú a dhéanann Ní Ghráda ar mháithreacha na saighdiúirí leis an íomhá sheanchaite den bhean thírghrách mar 'Mháthair Éireann' agus í ina máthair ag na hÓglaigh ar fad agus toilteanach í féin agus a clann mhac a íobairt ar son na hÉireann.⁸ Sa scéal 'Comhrac', mar shampla, is iad scéalta na seanmháthar faoi dhrochbheart na Sasanach a spreagann an garmhac le dul i mbun troda le linn Éirí Amach 1916 (Ní Ghráda 1939: 196).

Ach cé go dtagann scéalta áirithe leis na tróip shiombalacha sin, caitheann Ní Ghráda amhras ar na tíopaí baineanna céanna i scéalta eile. I saothar ficsin na bhfear, is minic a dhéantar cur síos ar na banréabhlóidithe óga i dtéarmaí collaí agus iad mar a bheadh *femmes fatales* iontu (go speisialta i saothar O'Flaherty, Uí Fhaoláin agus O'Connor). I dteidealscéal an chnuasaigh, áfach, leagann Ní Ghráda béim ar chruachas na mná óige atá i gcroílár an triantáin grá; tá sí luaithe i gcleamhnas leis an deartháir is sine de bharr cúrsaí eacnamaíochta, ach titeann sí i ngrá lena dheartháir óg atá sna hÓglaigh. Luann an reaire go raibh an bhean 'ró-óg fós le tuiscint a bheith aici san éagcóir a bhí á dhéanamh ar an óige a bhí' mar gheall ar an gcleamhnas a rinneadh di (Ní Ghráda 1939: 20). Agus cogadh in aghaidh na nDúchrónach á réabadh, díol suntais go dtéann Ní Ghráda i dtuilleamaí focal cogaióchta le cur síos ar leatrom na mban: smaoiníonn an bhean óg 'ar an *bhforéigin* [sic] a dhéanfadh sí ar a croidhe' dá bpósfadh sí (Ní Ghráda 1939: 24; liomsa an bhéim). Nuair atá an babhta scéalaíochta thart, fiafraíonn an cuairteoir cathrach den reaire faoina raibh i ndán don 'spéirbhean' seo 'gur

⁸ Tá an léiriú seo go mór i gceist i saothar Frank O'Connor agus, go deimhin, i ngearrscéalta Frank Gallagher. I ngearrscéal amháin le Frank Gallagher, mar shampla, tá an tseanbhean a thugann aire do na hÓglaigh 'ar nós aingil' agus í sásta gur dódh a bothán féin ar a son: '[it] had done its work and had saved a fine young lad that had fought for Ireland' (Hogan 1928: 55).

deineadh ár agus argain agus dortadh fola le grá di’ (Ní Ghráda 1939: 27). Tugtar le fios dó gurbh ionann ‘Hélen an Chláir’ agus Neilí, an freastalaí ‘socair stuidéartha’ atá ag tabhairt aire dó sa teach aíochta (Ní Ghráda 1939: 28). Is léir, dá bhrí sin, nach bhfuil mórán i bpáirt ag Neilí le samhail na mná idéalaithe meallacaí ar chor ar bith.

Fiú nuair a chuirtear tíopaí de sheanmhná tírghrácha i láthair i saothar Ní Ghráda, tugtar leid dúinn go bhfuil róil ar leith á n-imirt acu le coinbhinsiúin na sochaí a shásamh. In *Stailc Ocrais*, ligeann an mháthair racht uaithi le tacú lena mac leanúint leis an stailc: ‘Ní dhéanfad gol ná caoineadh, a mhic. Ná ní iarrfad ort aon ní a dhéanamh ach an rud is rogha le do chroí agus le do choinsias féin. Níl ionam ach seanbhean tuaithe, gan mórán tuisceana agam sna cúrsaí seo’ (Ní Ghráda 1966: 13). Ach is amhlaidh gurb é an mac a spreagann an óráid chéanna uaithi nuair a deir sé léi de chasaoid gan chaoineadh: ‘Ná feiceadh éinne ag gol tú. Cad déarfadh na buachaillí dá bhfeicidís máthair an Cheannfhoirt ag déanamh bróin. Bheinn náirithe go brách. Múscail do mhisneach’ (Ní Ghráda 1966: 13). Tá an chodarsnacht idir an stóchas poiblí agus an phian phríobháideach soiléir sa scéal ‘Máthair an tSaighdiúra’. Mar a mbeifí ag súil leis ón máthair thírghrách, is ar éigean a labhraíonn sí nuair a deirtear léi gur maraíodh an mac ‘ab annsa’ léi in arm an tSaorstáit: tá sí ‘gan anam gan anál’ agus fanann ‘gan corruighe’ (Ní Ghráda 1939: 101-02). Fuair C. Ó. N. [Ciarán Ó Nualláin] locht ar an scéal: ‘Ní leor teangmhail dramaidheach eadar daoine a cheapadh agus a ársaidhe: ní mór na dinn-mhothuigheacha atá ar obair a nochtadh ar dhóigh éigin a bhogfhas croídhe an léightheora’ (Ó Nualláin 1940: 4). Is éard is cás le Ní Ghráda, áfach, ná a léiriú nárbh fhéidir na ‘dinnmhothucháin’ sin a nochtadh go poiblí; déantar tagairt tríd síos an cnuasach do nós na gearachtar an rud atá ar a gcroí a bhrú faoi chois. Sa scéal seo, tá dhá fheidhm ag baint le tostaíl phoiblí na máthar: ar an gcéad dul síos, tagann stóchas na máthar leis an íomhá den bhean fhulangach náisiúnach a ghlacann go humhal le toil Dé. Ar an dara dul síos, tá feidhm phraiticiúil ag baint le ciúnas na máthar. Is amhlaidh go bhfuil an tÓglach a mharaigh a mac féin á cheilt ag an máthair nuair a thagann saighdiúirí an tSaorstáit chun an tí; coinníonn sí guaim uirthi féin agus cosnaíonn sí an fear óg. Tagann fíorphian phríobháideach na máthar go barr uisce ag deireadh an scéil nuair a chloistear macalla a caointe ar fud an ghleanna. Déantar tagairt do dhán an Phiarsaigh, ‘Bean tSléibhe ag Caoineadh a Mic’, le briseadh croí na máthar a chur in iúl — rud a thugann le fios, b’fhéidir, go raibh foscadh i dtraidisiún na Gaeilge do mhothúcháin nárbh fhéidir a léiriú go hoscailte.

Tagann an bhéim seo ar chomhlíonadh ghnásanna inscne na sochaí chun cinn arís sa scéal ‘An tOifigeach’ a d’fhéadfaí a léamh mar réamhtheachtaí ar an dráma *Breithiúnas* a stáitsíodh in 1968. Ní ainmnítear an ‘tseanbhean tuaithe’ a thugann aire na huibhe do dhíorma Óglach i rith Chogadh na Saoirse: suaimhníonn sí na fir agus iad ag fulaingt le tromluithe san oíche, dúisíonn sí iad in am agus iad ag tabhairt faoi Chill Mhíchíl (tagairt don áit inar tharla an luíochán cáiliúil ar an 28 Samhain 1920) agus réitíonn sí béilí go cúramach dóibh. I ndiaidh do na fir óga imeacht, níonn sí na gréithe, cuireann móin ar an tine, glanann an teach ó bhun go barr, agus deir an paidrín ar son na cúise. Is máistriúil mar a cheileann sí a cuid inmí faoin gcomhrac: ‘Níor dhóigh le héinne a bheadh ag éisteacht léi go raibh aon ualach ar a haigne’ (Ní Ghráda 1939: 175).

Is beag an meas atá ar an tseanbhean dhúthrachtach seo sa stát nua, áfach. Agus an tír faoi shíocháin faoi dheireadh, tá an mháthair ar bís dul ar cuairt ar a mac atá anois ina chaptaen in Arm an tSaorstáit; tá sí i bhfiacha mar gheall ar na costais, ní foláir, a bhain leis na fir a choinneáil agus tá súil aici cúnaimh airgid a fháil óna mac le nach ndíbreofaí as a teach féin í. Nuair a bhaineann sí oifig an mhic amach, feiceann sí go bhfuil a shúile sáite i mbean óg ghalánta; is mór idir ‘fáinní loghmhara’ na mban cathrach agus seanhata ‘fíorsceochach’ na máthar (Ní Ghráda 1939: 180). Feiceann an tseanbhean ‘luisne na haithise’ ag éirí ar mhuineál an mhic. Tá an t-oifigeach ró-mhórchúiseach beannú dá mháthair féin; casann sí ar a sáil agus tugann an baile – agus baol a díbeartha — uirthi féin arís (Ní Ghráda 1939: 180).

Tá teachtaireacht fíorláidir faoi chraiceann an scéil seo: is é sin nach gcuirtear aon fháilte sa stát nua roimh na mná a rinne íobairtí go leor i rith an chogaidh. Ag trácht di ar *An Triail*, is éard a deir Eileen Morgan (2002: 78) ná '[Ní Ghráda's] dramatic depictions of discrimination against Irish women seem informed by her own experiences in postcolonial Ireland'. I bhfianaise gur foilsíodh an scéal seo go gairid i ndiaidh do Ní Ghráda a post lánaimseartha a chailliúint le 2RN, is deacair gan an scéal a léamh mar cháineadh ar dhíbirt na mban ó na hinstiúidí stáit céanna. Ní hamháin sin, ach tá cosúlachtaí móra idir dearcadh an chaptaein i leith a mháthar féin agus dearcadh Mharcais de Grás, príomhphearsa *Breithiúnas* (1968), i leith a mhátharsa. Síleann de Grás gurb ann dá mháthair 'chun mise a fheiceáil faoi réim agus faoi ghradam', ach ligeann sé di 'bás a fháil i dTeach na mBocht' (2000: 25). Is léir, dá bhrí sin, go raibh stair fhada ag baint le hamhras Ní Ghráda i leith mhídhílseacht cheannairí an stáit nua. Tá nod sa scéal freisin don chumhacht aisteach a bhaineann na ceannairí fir amach agus an captaen mar Dhia beag ag a chuid rúnaithe. Déantar forbairt ar an gceangal seo idir an chumhacht pholaitiúil agus an iompraíocht ghnéis in *Breithiúnas*; sa dráma sin, is amhlaidh go mbíonn caidreamh collaí lasmuigh den phósadh ag Marcas de Grás.

9. DÚSHLÁN NA FEARÚLACHTA AGUS NA SCÉALAÍOCHTA

Bealach eile a bhí ag Ní Ghráda chun dúshlán a thabhairt do na hinsintí a leag béim ar ghníomhaíochtaí agus ar cheannas na bhfear in imeachtaí na réabhlóide ná aird a tharraingt ar chruachás na bhfear sin nach raibh in ann gnásanna an laochais a chomhlíonadh. Arís eile, éiríonn le Ní Ghráda cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir tréithe gaisciúla agus neamhghaisciúla. Sa chéad dá scéal de chuid an chnuasaigh, mórtar béasa agus laochas na nÓglach: fir iad '[a ngáirfeadh] na mná [leo]' (Ní Ghrada 1939: 19), ní trí thimpiste a thugtar an sloinne 'Ó Laochdha' ar dhuine díobh (Ní Ghrada 1939: 31), agus deirtear go mbíodh 'fir i gcomhnuidhe le fágáil a sheasadh [sic] i mbeárnain an baoghail, agus níor fuilingeadh aon lagadh do theacht ar an obair' (Ní Ghrada 1939: 40). Castar nóta tréan an náisiúnachais sa scéal deireanach 'Dúthchas ná Oileamhaint', scéal ina dtagann fear gnó abhaile as Sasana agus faigheann blaiseadh den chogaíocht in aghaidh na nDúchrónach. Críochnaíonn an cnuasach leis an líne: 'bhí árdú meanman air, agus bhí aoibhneas 'na chroidhe nár bhraith sé a leithéid ann le fada an lá' (Ní Ghrada 1939: 221).

Cé gur ar an nóta gaisciúil a thosaíonn agus a chríochnaíonn an cnuasach, is mó an tsuim a chuireann Ní Ghráda dáiríre sna fir atá ar imeall an laochais. Sa scéal 'An tSochraid', 'the most original of her stories' (O'Leary 2010: 326), tugtar léargas an-bháúil ar chruachás phílir óig, Protastúnach as ceantar bocht in Ard Mhacha, agus é ag freastal ar shochraid comhghleacaí a bhí san RIC leis. Tá faitíos ann go ndéanfaidh an pobal 'díoghbháil' don uaigh agus níl i láthair ag an tsochraid, dá bhrí sin, ach na pílar agus an sagart (Ní Ghrada 1939: 164). Cé gur mhaith leis an bhfear óg éirí as an RIC, tá imní air faoi céard a déarfadh na comharsana agus céard a bheadh i ndán dó (Ní Ghrada 1939: 164). Ar an gcaoi chéanna, tugtar pictiúr báúil dúinn, más truacánta féin é, de bhrathadóir sa scéal 'An Spiadhair', a spreagann a dhúil san ól chun gnímh é. In 'Cúiteamh', cuirtear Séamus Ó Síocháin inár láthair, fear a cúisíodh san éagóir as a bheith ina spaire siar in 1889. Tríocha bliain ar aghaidh in 1919, glanann sé a ainm nuair a dhéanann sé 'gníomh cróga' agus beireann Óglach eile as raon urchair. Tugann an sagart áitiúil le fios dó gur '[c]ogadh naomhtha is eadh cogadh so na saoirse' agus go bhfuil 'cúiteamh' anois aige. Ach cá bhfios nach bhfuil íoróin éigin sa scéal seo? Is díol suntais é gurbh é 'Ó Síocháin' ainm na príomhphearsan, agus cé go dtugann an pobal liú molta dó, meabhraíonn an tagairt don 'chogadh naomhtha' dúinn go raibh cogadh eile, Cogadh na gCarad, fós le teacht. Tá macalla éigin de thuiscint an tsagairt gur 'cogadh naomhtha is eadh cogadh so na saoirse' i meon Mharcais de Grás sa dráma *Breithiúnas*. Is bocht le Gearóid de Grás go gceapann a athair gur 'comhartha fearúlachta [...] a bheith ag iarraidh do bhráithre a

mharú' (Ní Ghráda 2000: 39). Go deimhin, tugtar 'Miss Nancy' ar Ghearóid toisc nach dtagann a iompar le tuiscint a athar ar céard is fearúlacht ann.

Cé go ndearna Ní Ghráda beag is fiú dá saothar gearrscéalaíochta níos deireanaí ina saol (Ó Ciosáin 1978: 178), níl aon amhras ach go raibh fios maith aici céard a bhí ar siúl aici agus dúshlán oifigiúil scéal na réabhlóide á thabhairt. Go deimhin, léiríonn an cnuasach féin tuiscint ghlinn ar phróiseas na cuimhne agus na díchuimhne. Tugtar aghaidh, mar shampla, ar na nithe a fhágtar amach as an scéal mór (agus na nithe a cheiltear ar na mná) de bharr nach dtagann siad le scéal an laochais. In 'Comhrac', tugtar le fios don léitheoir nach n-insíonn Brian Ó Néill dá bhean Nora Ní Mheára faoin iarracht thubaisteach a rinneadh é a shaoradh amach as an bpríosún (Ní Ghráda 1939: 48). Mar a dhéantar in *Breithiúnas* (tá clú polaitiúil Mharcais de Grás bunaithe ar thuairiscí bréaga faoi na gaiscí a rinne sé le linn na réabhlóide), tugann *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* fogha láidir faoin mbréagscéalaíocht ar a mbunaítear an stair. Mar gheall gur cuntais 'ó bhéal' atá i go leor de na scéalta de réir an traidisiúin Ghotaiigh, tá béim ar leith ar phróiseas na reacaireachta, agus go deimhin, ar phróiseas na bréagreacaireachta. Sa scéal 'Cain', insíonn fear i 'seomra an óil' faoin ngníomh gaisce a rinne sé nuair a mharaigh sé a dheartháir féin lena shábháil ó bhás pianmhar faoi lámh na nDúchrónach. Tagann sé chun solais ag deireadh an scéil nach ag siúl ar an bhfirinne atá an reacaire ar chor ar bith agus nach bhfuil sa scéal mór gaisce ach cumadóireacht a spreag an fuisce. Baintear an bonn amach ón scéal 'Airgead i bhFolach' freisin. Tar éis don phríomhphearsa éisteacht le scéal fadálach faoi airgead a goideadh le linn na réabhlóide, tagann sé ar an tuairim 'ná raibh ina chuid cainte ach gliogar' (Ní Ghráda 1939: 126). Más ea, caitear amhras ar iontaofacht na scéalaíochta, agus, dá bhrí sin, ar bhunús mhórscéal fearúil na réabhlóide trí chéile.

10. CONCLÚID

Ag caint dó ar dhrámaíocht Ní Ghráda, is éard a deir Fintan O'Toole (2011) ná 'Máiread Ní Ghráda suddenly emerged with a ferocious feminist attack on sexual hypocrisy and the subjugation of women in *An Triail*'. Léiríonn an aiste seo nach raibh aon rud tobann faoi cháineadh seo Ní Ghráda ar chóras patrarcach an stáit nua. Is léir ó na saothair pholaitiúla is luaithe óna peann go raibh cáineadh á fhorbairt aici ar chomóradh thréimhse na réabhlóide, ar imeallú na mban ón gcóras stáit agus ar dhioscúrsa rófhearúil an chuimhneacháin. Ó tharla nach bhfuil fáil ar a páipéir phearsanta agus gur beag cuntas dírbheathaisnéise a d'fhág sí ina diaidh, is luachmhar an fhianaise a thugann sí ina saothar ficsin ar a cuimhne féin ar an réabhlóid agus ar thaithí duine a thaobhaigh leis an gConradh ach ar ar tháinig lagmhisneach faoin stát nua.

Faoi mar a bhí an tÉirí Amach mar chúlra i ngearrscéalta Phádraic Uí Chonaire in *Seacht mBuaidh an Éirghe Amach* (1917), ghlac Ní Ghráda Cogadh na gCarad chuici féin in *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* (Ó Ciosáin 1978: 178). Tharraing sí ar straitéisí reacaireachta cliste chuige sin: bhain sí an-leas as móitífeanna ar leith leis an gcogadh a chur in iúl go hindíreach, ghlac straitéisí reacaireachta íorónta agus osréalacha chuici féin, agus bhain cothromaíocht chúramach amach idir cleachtas scéalaíochta a tháinig leis an mórscéal agus cleachtas a chuir ina choinne. Cé nár éirigh léi a saothar drámaíochta a bhain le tréimhse na réabhlóide a léiriú in Amharclann na Mainistreach sna 1930idí, cuireadh *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* i gcló. Mar sin féin, is beag aird a tugadh ar an gcáineadh a bhí istigh ann. D'fhéadfaí a rá go raibh an 'díchuimhne' i ndán dá cnuasach gearrscéalta ón gcéad lá: bhí próslitríocht na Gaeilge imeallaithe ó mhórchanóin na réabhlóide, bhí taithí na mban sa réabhlóid á cur i leataobh ó mhórscéal an stáit, agus bhí comhaontú neamhráite ag leibhéal oifigiúil gan aird a tharraingt ar thréimhse chonspóideach Chogadh na gCarad. Iarracht a bhí i saothar Ní Ghráda, dá bhrí sin, scríobh in aghaidh na díchuimhne sin agus amhras na mban i leith chruthú an mhórscéil seo, agus go deimhin i leith chruthú an stáit, a chur ar taifead.

Cé go maítear go forleathan go raibh tost ann faoi Chogadh na gCarad, meabhraíonn cnuasach Ní Ghráda dúinn gur tógadh guthanna go leor in aghaidh an tosta chéanna — ach go mb'fhéidir nach raibh an pobal sásta éisteacht leo. Ní buan an díchuimhne, áfach, agus tá deis anois ann saothar Ní Ghráda a chur ar ais sa 'chúrsaíocht' i ndeich mbliana seo na gcuimhneachán.

LEABHARLIOSTA

- AIKEN, SÍOBHRA (2022). *Spiritual Wounds: Trauma, Testimony and the Irish Civil War* (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, le teacht).
- AN CHOMHAIRLE EALAÍON (1960–61). *An Naou Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais ó 1 Aibreán 1960 go 31 Márta 1961*. Ar fáil ag http://www.arts council.ie/uploadedFiles/An_Chomhairle_Ealaion_1960-61.
- ASSMANN, ALEIDA (2008). 'Canon and Archive' in Astrid Erll agus Ansgar Nünning (eagí), *Cultural Memory Studies: An International and Interdisciplinary Handbook* (Berlin: Walter de Gruyter, 2008).
- ARMITAGE, DAVID (2017). *Civil Wars: A History in Ideas* (Yale: Yale University Press).
- BÉASLAÍ, PIARAS (1929). *An Danar* (Baile Átha Cliath: Fallon & Co.).
- BEINER, GUY (2018). *Forgetful Remembrance: Social Forgetting and Vernacular Historiography of a Rebellion in Ulster* (Oxford: Oxford University Press).
- (2021). 'The Great Flu between Remembering and Forgetting', in Beiner, Guy (eag.) *Pandemic Re-Awakenings: The 'Forgotten and Unforgotten' 'Spanish' Flu of 1918-1919* (Oxford: Oxford University Press, le teacht).
- BRENNAN, ELIZABETH (1971). 'Space and solitude', *Irish Press*, 23 Samhain 1971.
- CLÁR PHRÍOSÚN MHUINSEO (1790–1924). Cartlann Náisiúnta na hÉireann. Ar fáil ag: <https://www.findmypast.ie/articles/world-records/full-list-of-the-irish-family-history-records/institutions-and-organisations/irish-prison-registers-1790-1924>
- COOMASARU, EDWIN (2016). 'Emaciating machismo: masculinity, murals and memorialising hunger strikes', *The Irish Times*, 5 Bealtaine 2016. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/culture/books/emaciating-machismo-masculinity-murals-and-memorialising-hunger-strikes-1.2636109>
- DE BLAGHAD, EARNÁN (1954). Ráiteas do Bhiúró na Staire Míleata, Witness Statment 939, 12 Aibreán.
- DE BRÚN, FIONNTÁN (2019). *Revivalism and Modern Irish Literature: The Anxiety of Transmission and the Dynamics of Renewal* (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí).
- EVENING HERALD (1984) 'God Made the World and "Didn't Give Us Any Minerals"', *Evening Herald*, 28 Márta 1984.
- (1927). 'Dráma Nua-Cheaptha i n-Amharclainn na Mainistreach', *Evening Herald*, 8 Samhain 1927.
- FRAWLEY, OONAGH (2021). *Women and the Decade of Commemorations* (Indiana: Indiana University Press).
- FREEMAN'S JOURNAL (1919a). 'Dublin Ladies Fined: Prison for Collecting for Irish Language: Police Station Scene', *Freemans Journal*, 4 Samhain 1919.
- (1919b). 'Mountjoy Visitors: Flagsellers Demand Money Held by Police', *Freeman's Journal*, 7 Samhain 1919.
- GALLAGHER, FRANK (1928). *Days of Fear* (London: J. Murray).
- GILBERT, SANDRA M. & GUBAR, SUSAN (1980). *The Madwoman in the Attic: The Woman Writer and the Nineteenth-Century Literary Imagination* (Yale: Yale University Press).

- HALBWACHS, MAURICE (1992). *On Collective Memory* (Chicago: University of Chicago Press).
- HOGAN, DAVID [ainm cleite Frank Gallagher] (1928). *The Challenge of the Sentry and Other Stories of the Irish War* (Baile Átha Cliath: Talbot Press).
- (1931). *Dark Mountain, and Other Stories* (Baile Átha Cliath: Talbot Press).
- IRISH ECCLESIASTICAL RECORD (1961). ‘A Primary History of Ireland by Máiréad Ní Ghráda, MA, HDE’, *Irish Ecclesiastical Record* (Baile Átha Cliath: Brown and Nolan, Limited).
- IRISH INDEPENDENT (1919). ‘Girls Arrested: Gaelic League Flag’, *Irish Independent*, 2 Samhain 1919.
- IRISH TIMES (1919). ‘Police Station Windows Smashed’, *Irish Times*, 4 Samhain 1919.
- LANSER, SUSAN S. (1992). *Fictions of Authority: Women Writers and Narrative Voice* (Cornell: Cornell University Press).
- MACARDLE, DOROTHY (1937). *The Irish Republic: A Documented Chronicle of the Anglo-Irish Conflict and the Partitioning of Ireland, with a Detailed Account of the Period 1916–1923* (Baile Átha Cliath: Irish Press, 1937).
- MAC COINNIGH, MARCAS (2019). ‘Memory and Landscape: Some Thoughts’, *The Honest Ulsterman*, Meitheamh 2019. Ar fáil ag: <https://humag.co/features/memory-and-landscape>
- MEANEY, GERARDINE (2018). ‘Fiction, 1922–1960’, in Clíona Ó Gallchoir agus Heather Ingman (eagí), *A History of Modern Irish Women’s Literature* (Cambridge: Cambridge University Press), 187-203.
- MORGAN, EILEEN (2002). ‘“Unbroken Service”: Máiréad Ní Ghráda’s Career at 2RN, Ireland’s First Broadcasting Station, 1927-35’, *Éire-Ireland*, 37.3-4, 53-78.
- NÍ BHEACHÁIN, CAOILFHIONN (2012). ‘Seeing Ghosts: Gothic Discourses and State Formation’, *Éire-Ireland*, 47.3, 37-63.
- NÍ BHRADAIGH, SIOBHÁN (1996). *Máiréad Ní Ghráda: ceannródaí drámaíochta* (Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta).
- NÍ GHRÁDA, MÁIRÉAD (1936). *An Giolla Deacair: agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath agus Corcaigh: Comhlacht Oideachais na hÉireann Teo).
- (1939). *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair).
- (c. 1961). *A Primary History of Ireland [Book 1]. From Earliest Times to 1691* (Dublin: Browne and Nolan).
- (c. 1961). *A Primary History of Ireland [Book 2]. From 1691 to the Present Day* (Dublin: Browne and Nolan).
- (1966). *Stailc Ocráis: [Tragóid Stairiúil, Dráma Aonghnímh]* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1966).
- (1969). Agallamh le hAedín Ní Chaoimh. In: *Dá bhFaighinn Mo Rogha*. Radio, RTÉ. 28 Márta. RTÉ Sound Archive. AA3326.
- (1978). *An Triail agus Breithiúnas: Dhá Dhráma* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair).
- (2000). *Breithiúnas: Dráma dhá Ghníomh* (Baile Átha Cliath: An Gúm).
- NIC EOIN, MÁIRÍN (1985). ‘Éirí Amach 1916 agus Litríocht na Gaeilge’, *Irisleabhar Mhá Nuad*, 38-61.
- (2018). ‘Imeachall agus Iltíreach? Pointí Féachana Nualitríocht na Gaeilge’, *Léann* 5, 1–21.
- (2019). ‘Ó Cheiliúradh go Critic: Nualitríocht na Gaeilge agus Éirí Amach 1916’, *Éigse: A Journal of Irish Studies*, 40, 257-304.

- Ó BROIN, LEÓN (1931). *An Mhallacht agus Drámaí Eile* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais).
- Ó CIOSÁIN, ÉAMON (1978). ‘Máiréad Ní Ghráda agus a Saothar Liteartha’ in Máiréad Ní Ghráda, *An Triail agus Breithiúnas: Dhá Dhráma* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair), 171-96.
- (2000). ‘Máiréad Ní Ghráda agus a Saothar Liteartha’ in Ní Ghráda, *Breithiúnas: Dráma Dhá Ghníomh* (Baile Átha Cliath: An Gúm), 91-99.
- Ó CONAIRE, BREANDÁN (1986). *Myles na Gaeilge: Lámhleabhar ar shaothar Gaeilge Bhrian Ó Nualláin* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar).
- Ó DRISCEOIL, DONAL (1996). *Censorship in Ireland, 1939-1945: Neutrality, Politics, and Society* (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí).
- Ó N[UALLÁIN], C[IARÁN] (1940). ‘Leabhar do na Gaedhilgeoirí’, *The Irish Independent*, 21 Bealtaine 1940.
- Ó NUALLÁIN, BRIAN [Myles na gCopaleen] (1940). ‘Books in Irish’, *The Irish Times*, 31 Lúnasa, 1940.
- O’CALLAGHAN, MARGARET (2018). ‘Women’s Political Autobiography in Independent Ireland’, in Liam Harte (eag.), *A History of Irish Autobiography* (Cambridge: Cambridge University Press), 133-48.
- O’CONNOR, FRANK (1931). *Guests of the Nation* (London: Macmillan).
- (1957). *Modern Irish Short Stories* (Oxford: Oxford University Press)
- O’FAOLÁIN, SEÁN (1932). *Midsummer Night Madness and Other Stories* (London: J. Cape).
- (1935). ‘Books Of The Week: The Re-Orientation Of Irish Letters’, *The Irish Times*, 21 Meán Fómhair.
- O’LEARY, PHILIP (2004). *Gaelic Prose in the Irish Free State: 1922-1939* (Pennsylvania: Penn State Press).
- (2006). ‘The Irish Renaissance, 1890–1940: Literature in Irish’ in Margaret Kelleher agus Philip O’Leary (eagí), *The Cambridge History of Irish Literature*, 2 volumes (Cambridge: Cambridge University Press).
- (2017a). *An Underground Theatre: Major Playwrights in the Irish Language 1930-80* (Baile Átha Cliath: UCD Press).
- (2017b). ‘Presenting a Challenging Past: Piaras Béaslaí’s play *An Danar*, 39th California Celtic Conference – UC Berkeley’ [páipéar comhdhála neamhfhoilsithe], Márta 2017.
- O’TOOLE, FINTAN (2011). ‘Can Irish Dramatists Tackle the Big Questions Again?’, *Irish Times*, 7 Meitheamh.
- RYAN, LOUISE (2004). ‘In the Line of Fire’: Representations of Women and War (1919– 1923) through the Writings of Republican Men’, in Louise Ryan agus Margaret Ward (eagí), *Irish Women and Nationalism: Soldiers, New Women and Wicked Hags* (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press), 45–61.
- SHEEHY SKEFFINGTON, HANNAH (2002). ‘Reminiscences of an Irish Suffragette 1975’, in Angela Bourke, Siobhán Marie Kilfeather, Maria Luddy et al. (eagí), *The Field Day Anthology of Irish Writing V: Irish Women’s Writing and Traditions* (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí).
- SNODDY, OLIVER (1968). ‘Notes on Literature in Irish Dealing with the Fight for Freedom’, *Éire-Ireland*, 3.2 (Samhradh 1968), 138–48.
- TITLEY, ALAN (1991). *An tÚrscéal Gaeilge* (Baile Átha Cliath: Clóchomhar).
- UÍ DHIOSCA, ÚNA (1932). *Cailín na Gruaige Duinne* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais).

